



An Bhruiséil, 18 Aibreán 2024
(OR. en)

Comhad Idirinstiúideach:
2023/0344(NLE)

8628/24
ADD 1

VISA 49
MIGR 160
RELEX 484
COAFR 136
COMIX 168

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Ábhar:	Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí a mhéid a bhaineann leis an Aetóip <ul style="list-style-type: none">– Glacadh– Ráiteas ó Mhálta

RÁITEAS Ó MHÁLTA

Tá Málta tiomanta i gcónaí d'úsáid a bhaint as dreasachtaí agus gearáil chun an imirce neamhrialta a bhainistiú, lena n-áirítear trí leas a bhaint as beartas víosaí chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir le filleadh agus athligeran isteach. Is é cuspóir Airteagal 25a den Chód Víosaí i gcónaí an comhar le tríú tíortha maidir le filleadh a mhéadú, dá bhrí sin, i bhfianaise a bhfuil tite amach le déanaí maidir le rannpháirtíocht údarais na hAetóipe, tá Málta den tuairim gur cheart an cinneadh a chur siar chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí nithiúla na for-rochtana leis an Aetóip.

I ndáil leis an méid sin, staonfaidh Málta ón vótáil ar Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí a mhéid a bhaineann leis an Aetóip.